AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2021
COM(2021) 357 final

2021/0177 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/1919, (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

**Rialachán (AE) Uimh. 2019/1919 ón gComhairle**

Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine[1], bunaítear creat le haghaidh rialachas dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta ar ghníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh ag soithí de chuid an Aontais sna huiscí atá faoi dhlínse na Máratáine. Sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe[2], déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais i seacht gcatagóir.

Cuireadh síneadh leis an bPrótacal le Comhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas agus an Mháratáin an 15 Samhain 2020[3].

I Rialachán (AE) 2019/1919 ón gComhairle[4], lena ndéantar na deiseanna iascaireachta faoin gComhaontú a chionroinnt i measc Bhallstáit an Aontais, áirítear fós Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Ríocht Aontaithe).

An 31 Eanáir 2021, tharraing an Ríocht Aontaithe siar ón Aontas Eorpach ar bhonn Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Sa Chomhaontú um Tharraingt Siar[5], cinneadh idirthréimhse a chríochnaigh an 31 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, níl dlí an Aontais infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe ón 1 Eanáir 2021.

Dá bhrí sin, ba cheart na deiseanna iascaireachta a sannadh don Ríocht Aontaithe a bhaint de Rialachán (AE) 2019/1919 agus ba cheart iad a ath-chionroinnt ón 1 Eanáir 2021. Leis an togra seo leasaítear an Rialachán chun deiseanna iascaireachta na Ríochta Aontaithe a ath-chionroinnt i measc na mBallstát a thairbhíonn de dheiseanna iascaireachta sa chatagóir chéanna i gcomhréir le cearta na mBallstát. Leis an gcionroinnt sin, ní dhéantar réamhbhreith ar chearta amach anseo faoi na chéad Phrótacail eile. Leis an togra seo leasaítear an Rialachán chun na ceadúnais ráithiúla atá ag an Ríocht Aontaithe a tharraingt siar.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1801/2006 ón gComhairle an 30 Samhain 2006 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine (IO L 343, 8.12.2006, lch. 1).

[2] Prótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine ar feadh tréimhse 4 bliana (IO L 315, 1.12.2015, lch. 3).

[3] Comhaontú i bhfoirm Malartaithe Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2020 (IO L 383, 16.11.2020, lch. 3).

[4] Rialachán (AE) 2019/1919 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir leis na deiseanna iascaireachta a chionroinnt faoin bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine (IO L 297 I, 18.11.2019, lch. 5).

[5] Comhaontú maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

**Na gabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha faoi Airteagal 499 TCA maidir le deiseanna iascaireachta in 2021 agus stoic áirithe in 2022 faoi Rialacháin (AE) Uimh. 2021/91 agus (AE) Uimh. 2021/92 ón gComhairle**

Ó mhí Eanáir 2021 i leith, tá athrú tagtha ar staid thionscal iascaireachta an Aontais, lena n-áirítear an creat dlí is infheidhme maidir le bainistíocht iascaigh an Aontais agus na Ríochta Aontaithe i dtaca lena limistéir rialála ar leith. Ós rud é gur shínigh siad an Comhaontú Trádála agus Comhair[6] (TCA), agus i bhfianaise a mbreithnithe agus a dtreochtaí beartais éagsúla, d’fheidhmigh an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe araon a ról sonrach den chéad uair le linn comhairliúcháin fhada, ar comhairliúcháin iad a raibh rath orthu ar deireadh agus ina dtángthas ar chomhaontú ar deireadh maidir le gabhálacha iomlána incheadaithe cinntitheacha le haghaidh 2021 agus 2022 maidir le stoic áirithe.

In éagmais comhaontú leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta amhail ó thús 2021, chuir gach Páirtí gabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha i bhfeidhm faoi Airteagal 499 TCA maidir le stoic a roinntear idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. I Rialacháin (AE) Uimh. 2021/91[7] agus (AE) Uimh. 2021/92[8] ón gComhairle, leag an tAontas síos gabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha a bheidh infheidhme go dtí an 31 Iúil 2021 maidir le soithí a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais, in uiscí tríú tír agus in uiscí idirnáisiúnta. Ba é an aidhm a bhí leis na gabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha sin a áirithiú go leanfaí de ghníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe de chuid an Aontais i bhfianaise na gcomhairliúchán leanúnach idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ag an am.

**Comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta faoi Airteagal 498 TCA**

Rinne an tAontas comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le forálacha TCA, leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 2, 3, 28 agus 33 de Rialachán CBI[9] chomh maith le hAirteagail 4 agus 5 de phleananna ilbhliantúla Uiscí an Iarthair[10] agus

---

6 An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, IO L 149, 30.4.2021, lgh. 10–2539.

7 Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe (IO L 31, 29.1.2021, lgh. 20–30).

8 Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, IO L 31, 29.1.2021, lch. 31.

9 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle, IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

10 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d’iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE)

na Mara Thuaidh[11], agus leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 maidir le stoic chomhroinnte agus, le haghaidh 2021 agus 2022, maidir le stoic áirithe dhomhainfharraige[12].

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin i gcomhordú iomlán leis an gComhairle. Bhí Coiste PECH Pharlaimint na hEorpa bainteach trí bhíthin faisnéis thréimhsiúil agus seisiúin nuashonrúcháin.

Nuair a tháinig sé ar chomhaontú le linn na gcomhairliúchán maidir le leibhéil ghabhálacha iomlána incheadaithe na stoc spriocdhírithe agus na stoc foghabhála, chuaigh an Coimisiún i muinín cheanglais TCA agus an chreata dlí is infheidhme de chuid an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, nuair a tháinig an Coimisiún ar chomhaontú le linn na gcomhairliúchán maidir le cur chuige anailíseach agus réamhchúramach i leith stoc, chuaigh sé i muinín na comhairle eolaíche is fearr dá raibh ar fáil, go háirithe comhairle na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES).

An 2 Meitheamh 2021, tháinig an Coimisiún ar chomhaontú i bprionsabal leis an Ríocht Aontaithe maidir le líon mór gabhálacha iomlána incheadaithe a shocrú, de bhun Airteagal 498(2), (4)(a) go (4)(d) agus (6) de TCA le haghaidh 2021 (stoic a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann le TCA). Leagadh síos an comhaontú i bprionsabal sa Taifead i Scríbhinn, a shínigh Cinn Toscaireachta na Ríochta Aontaithe agus ionadaí an Choimisiúin thar ceann an Aontais, an 11 Meitheamh 2021 i gcomhréir le hAirteagal 498(6) de TCA. D'fhormhuinigh an Chomhairle an comhaontú an 11 Meitheamh le Cinneadh bunaithe ar dhoiciméad 9512/21 PECHE 184/UK 145 ón gComhairle.

Le tabhairt i gcrích na gcomhairliúchán sin tugtar isteach deiseanna iascaireachta comhaontaithe áirithithe i gcomhair an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon le haghaidh na bliana 2021 (agus le haghaidh 2022 i gcás stoic dhomhainfharraige áirithe), faoi fhorálacha rochtana lena gceadaítear do shoithí gach páirtí leas a bhaint as na deiseanna iascaireachta sin in uiscí a chéile.

Mura dtagtar ar chomhaontú maidir leis na comhairliúcháin a thabhairt chun críche ná mura ndéantar na comhréitigh ghaolmhara is gá i roinnt cásanna sonracha, ní bheadh gabhálacha iomlána incheadaithe comhaontaithe i bhfeidhm. Chuirfeadh socrú aontaobhach gabhálacha iomlána incheadaithe ag an Aontas agus an Ríocht Aontaithe bainistíocht inbhuanaithe na stoc

Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle, IO L 83, 25.3.2019, lch. 1.

11 Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil le haghaidh stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus le haghaidh na n-iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 676/2007 agus (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle, IO L 179, 16.7.2018, lch. 1.

12 Cinneadh Uimh. 6414/21 ón gComhairle an 5 Márta 2021 lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe chun deiseanna iascaireachta a chomhaontú le haghaidh 2021 maidir le stoic chomhroinnte agus le haghaidh 2021 agus 2022 maidir le stoic áirithe dhomhainfharraige.

comhroinnte sin i mbaol chomh maith leis an gcothrom iomaíochta le haghaidh oibreoirí an Aontais dá dtagraítear in TCA agus in Airteagal 33 de CBI.

Dá bhrí sin, i bhfianaise an taifid i scríbhinn a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe is gá deiseanna cinntitheacha iascaireachta a chur in ionad na ngabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92. Leis na deiseanna iascaireachta sin le haghaidh 2021 (agus le haghaidh 2022 i gcás stoic dhomhainfharraige áirithe), beifear in ann gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de san fhadtéarma, arna mbainistiú ar bhealaí atá comhsheasmhach leis an gcuspóir tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach agus lena rannchuideofar le hinfhaighteacht soláthairtí bia, lena n-áirítear cothroime iomaíochta a chur chun cinn le haghaidh oibreoirí an Aontais i gcás ina roinntear stoic le tríú tíortha in uiscí an Aontais nó in uiscí eile (lena n-áirítear uiscí tríú tír).

Beidh feidhm ag na gabhálacha iomlána incheadaithe in 2021 maidir leis na stoic a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann le TCA, ach cumhdaíonn na gabhálacha iomlána incheadaithe maidir le stoic áirithe dhomhainfharraige an tréimhse 2021 agus 2022.

**Togra ón gCoimisiún chun an Taifead i Scríbhinn a comhaontaíodh faoi Airteagal 498 TCA a chur chun feidhme chun Rialacháin (AE) Uimh. 2021/91 agus (AE) Uimh. 2021/92 ón gComhairle a leasú**

Agus a thogra maidir le cur chun feidhme an Taifid i Scríbhinn arna chomhaontú le haghaidh leibhéil áirithe gabhálacha iomlána incheadaithe á ghlacadh ag an gCoimisiún, bhreithnigh sé paraiméadair éagsúla, lena n-áirítear: (i) na solúbthachtaí dá bhforáiltear faoi Rialachán CBI mar gheall ar chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír; (ii) an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar chúrsaí iascaigh mheasctha agus ar staideanna tachta; (iii) na féidearthachtaí le haghaidh aistrithe cuótaí laistigh den Aontais agus leis an Ríocht Aontaithe araon; (iv) asbhaintí as gabhálacha iomlána incheadaithe a eascraíonn as díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír; (v) leibhéal sciar an Aontais sa stoc i limistéar geografach ar leith; (vi) glacadh iascaireachta ar an stoc in 2020; (vii) an gá atá ann fás suntasach a áirithiú i mbithmhais stoc atá faoi bhun na teorann bithmhaise; agus (viii) prionsabal an réamhchúraim faoi Airteagal 4(8) de CBI.

Le hAirteagail 15 go 17 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/92 ón gComhairle bunaítear bearta teicniúla, lena n-áirítear bearta feabhais de réir bhrí Phlean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair, arb é is aidhm dóibh foghabhálacha trosc agus faoitíní a laghdú sa Mhuir Cheilteach agus i limistéir chóngaracha agus foghabhálacha gadóideach a laghdú i Muir Éireann agus in Iarthar na hAlban. Bhí nasc feidhmeach ag na bearta sin le leibhéil na ngabhálacha iomlána incheadaithe maidir le spriocspeicis a ghabhtar in iascach measctha, ós rud é, d’uireasa na mbeart sin, go gcaithfí leibhéil gabhálacha iomlána incheadaithe den sórt sin a laghdú chun téarnamh na stoc foghabhála a cheadú. Cé nár comhaontaíodh bearta teicniúla breise leis an Ríocht Aontaithe, go háirithe maidir le stoic éisc a ghabhtar in iascach measctha, tá gá fós le bearta teicniúla den sórt sin chun go bhféadfar na gabhálacha iomlána incheadaithe spriocspeiceas a shocrú ar na leibhéil atá beartaithe sa Rialachán seo. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na bearta teicniúla a bhfuil nasc feidhmeach acu leis na deiseanna iascaireachta a bhunaítear le hAirteagail 15 go 17 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/92 ón gComhairle a choimeád i

bhfeidhm, bearta as a n-eascraíonn roghnaíocht níos airde san iascaireacht ar stoic shláintiúla spriocdhírithe gan staid na stoc foghabhála dosheachanta in uiscí an Aontais a chur i mbaol. Beidh feidhm ag na bearta sin go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241[13] agus lena leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin trí bhíthin bearta teicniúla comhfhreagracha a thabhairt isteach le haghaidh Uiscí an Iarthuaiscirt. Rinne STECF measúnú dearfach ar an moladh comhpháirteach maidir leis na bearta teicniúla comhfhreagracha a glacadh trí bhíthin gníomh tarmligthe agus a thíolaic na Ballstáit. In éagmais aon bheart teicniúil a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe, ní bheidh tionchar ag an Taifead i Scríbhinn ar na bearta a mholtar sa mholadh comhpháirteach sin, agus is féidir iad a chur san áireamh sa ghníomh tarmligthe atá á ullmhú faoi láthair.

**Forálacha eile a bhaineann le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021**

Tugtar aghaidh leis an togra freisin ar an toradh a bhí ar na comhairliúcháin bhliantúla idir an tAontas agus Oileáin Fharó maidir le malartuithe i gcás gabhálacha iomlána incheadaithe áirithe agus rochtain ar uiscí gach Páirtí.

Tugtar aghaidh sa togra freisin ar an ngá le deiseanna iascaireachta cinntitheacha a shocrú le haghaidh ainseabhaithe i limistéir 9 agus 10 de ICES, tar éis an chomhairle eolaíoch a scaoileadh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Na bearta atá beartaithe, ceapadh iad i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh agus tá siad comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Na bearta atá beartaithe, tá siad comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo.

Eascraíonn oibleagáidí an Aontais maidir le saothrú inbhuanaithe beo-acmhainní uisceacha as oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán CBI.

[13] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle, IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar an gcúis seo a leanas: is comhbheartas é an Comhbheartas Iascaigh. De réir Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá sé de dhualgas ar an gComhairle na bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

**Rialachán (AE) Uimh. 2019/1919 ón gComhairle**

Ní athraíonn an leasú na coinníollacha maidir le hiascaireacht a leagtar síos sa Chomhaontú agus sa Phrótacal Cur Chun Feidhme. Dá bhrí sin, níl aon ghá le meastóireacht *ex post*, comhairliúchán le páirtithe leasmhara ná measúnú tionchair.

**Rialacháin (AE) Uimh. 2021/91 agus (AE) 2021/92 ón gComhairle**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuirtear san áireamh sa togra an t-aiseolas ó na páirtithe leasmhara, ó Chomhairlí Comhairleacha, ó na riaracháin náisiúnta, ó eagraíochtaí iascairí agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Le linn comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na deiseanna iascaireachta, cuireadh na páirtithe leasmhara (go háirithe ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó eagraíochtaí thionscal na hiascaireachta) ar an eolas agus chuathas i gcomhairle leo, agus leanadh de bheith i dteagmháil le riaracháin náisiúnta trí bhíthin dianchomhordú le linn na gcomhairliúchán leis an Ríocht Aontaithe. Cuireadh na Comhairlí Comhairleacha ar an eolas go tráthrialta faoin dul chun cinn a rinneadh sna comhairliúcháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch ó ICES.

- **Measúnú tionchair**

Féachtar leis an togra cineálacha cur chuige gearrthéarmacha a sheachaint i bhfabhar cinntí inbhuanaitheachta fadtéarmacha lena n-áirítear na pleananna ilbhliantúla atá ann cheana maidir le bainistíocht iascaigh sa Mhuir Thuaidh agus in uiscí an Iarthuaiscirt. Cuirtear san áireamh leis freisin tionscnaimh ó pháirtithe leasmhara agus ó Chomhairlí Comhairleacha má rinne ICES agus/nó STECF athbhreithniú dearfach orthu. Ina theannta sin, forbraíodh an togra ón gCoimisiún maidir leis an gComhbheartas Iascaigh a athchóiriú go cuí ar bhonn measúnú tionchair (SEC(2011)891) a ndearnadh mionanailís ar chuspóir na huastáirgeachta inbhuanaithe ina leith. Sna conclúidí uaidh, sainaithníodh an cuspóir sin mar choinníoll riachtanach chun inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a bhaint amach.

Maidir le stoic a roinntear le tríú tíortha, is é a dhéantar go bunúsach leis an togra seo bearta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme. Déileáiltear le haon ghné a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ar na deiseanna iascaireachta le linn ullmhú agus sheoladh na caibidlíochta idirnáisiúnta agus ar faoina cuimsiú a dhéantar deiseanna iascaireachta an Aontais a chomhaontú le tríú páirtithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### Rialachán (AE) Uimh. 2019/1919 ón gComhairle

Ní athraíonn an togra na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú agus sa Phrótacal Cur Chun Feidhme.

### Rialacháin (AE) Uimh. 2021/91 agus (AE) 2021/92 ón gComhairle

- Na gabhálacha iomlána is incheadaithe

I gcomhréir le hAirteagal 498 TCA, freagraíonn na gabhálacha iomlána incheadaithe agus na cuótaí arna gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe agus arna ndoiciméadú sa Taifead i Scríbhinn do sciartha an Aontais a comhaontaíodh faoi TCA mar a leagtar amach iad in Iarscríbhinní 35 agus 36 a ghabhann le TCA. Tá na gabhálacha iomlána incheadaithe agus na cuótaí sin bunaithe ar an gcomhairle ó ICES le haghaidh 2021 agus, maidir le stoic dhomhainfharraige, le haghaidh 2022 freisin, agus tá siad i gcomhréir le cuspóirí agus prionsabail cheannteideal Iascaigh TCA.

I gcomhréir le príomhchuspóir caomhnaithe an chomhbheartais iascaigh mar a leagtar amach é in Airteagal 2(2) de Rialachán CBI agus in Airteagal 3(1) de Phleananna Ilbhliantúla Uiscí an Iarthair agus na Mara Thuaidh, chomhaontaigh an tAontas le comhairle $F_{MSY}$ maidir le

gabhálacha iomlána incheadaithe na Ríochta Aontaithe maidir le stoic (comhairle maidir le leibhéil na ndeiseanna iascaireachta lena léirítear an brú iascaireachta a thugann an uastáirgeacht inbhuanaithe – 'MSY').

Ceithre ghabháil iomlána incheadaithe maidir le stoic a ndéantar measúnú ar a n-uastáirgeacht inbhuanaithe agus a bhfuil gabhálacha iomlána incheadaithe ina leith le comhairle lena moltar gabháil nialasach, socraítear iad ar leibhéil lena bhfreastalófar ar fhoghabhálacha dosheachanta agus lena seachnófar aischur speiceas eile in iascach measctha. Comhaontaíodh leibhéil gabhálacha iomlána incheadaithe ar leibhéil foghabhála maidir le trí cinn de na stoic sin (an trosc sa Mhuir Cheilteach, an trosc in Iarthar na hAlban, an faoitín i Muir Éireann), agus tá ceann amháin (an scadán sa Mhuir Cheilteach) socraithe mar ghabháil iomlán incheadaithe faireacháin/thástach i gcomhréir le treoirlínte ICES maidir le leibhéal na gabhála iomláine incheadaithe sin. I gcás na dtrí stoc grinnill sa ghrúpa sin, rinneadh cur i bhfeidhm na gceanglas breise faoi na pleananna ilbhliantúla a áirithiú trí bhíthin bearta ceartaitheacha teicniúla a chur i bhfeidhm go leanúnach, ar bearta iad a bhaineann go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh na spriocstoc san iascach measctha sin. I gcás trí cinn de na ceithre stoc sin, méadóidh an bhithmhais faoi na gabhálacha iomlána incheadaithe a comhaontaíodh. Ina theannta sin, áirithíodh le torthaí na gcomhairliúchán go bhfuil deiseanna iascaireachta ann maidir le roinnt stoc gaolmhar san iascach measctha sa raon is ísle de $F_{MSY}$ (e.g. sa Mhuir Cheilteach) agus é mar aidhm leo an brú foriomlán a laghdú san iascach lena mbaineann.

Liostaítear sa togra 43 ghabháil iomlána incheadaithe maidir le stoic atá faoi réir comhairle réamhchúraim. Shaothraigh an tAontas comhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe sin, agus an phríomhchomhairle chomhfhreagrach ó ICES agus an cur chuige réamhchúraim dá bhforáiltear in Airteagal 2(2) de Rialachán CBI á gcur san áireamh. Cé go gcomhaontaítear formhór na ngabhálacha iomlána incheadaithe sin i gcomhréir le leibhéil na comhairle ó ICES nó faoina mbun, comhaontaíodh roinnt gabhálacha iomlána incheadaithe ar leibhéil lena seachnaítear tachtadh agus lena bhfreastalaítear ar na sainiúlachtaí in iascach measctha, leibhéil dá dtagraítear in Airteagal 4(5) de na pleananna ilbhliantúla. Thairis sin, comhaontaíodh roinnt de leibhéil na ngabhálacha iomlána incheadaithe i bhfianaise chuspóirí socheacnamaíocha agus cobhsaíochta CBI.

I gcás líon an-teoranta stoc comhroinnte, ba ghá seasamh an Aontais a choigeartú chun toradh foriomlán a bhaint amach a measadh a bheith riachtanach agus inmhianaithe ó thaobh cúrsaí inbhuanaitheachta agus socheacnamaíocha de, lena n-áirítear an gá le cothrom iomaíochta a chur chun cinn.

Agus torthaí na gcomhairliúchán leis an Ríocht Aontaithe á gcur chun feidhme i gcreat dlíthiúil an Aontais, ba cheart aird a thabhairt ar Airteagail 2, 3, 28 agus 33 CBI agus ar fhorálacha infheidhme na bpleananna ilbhliantúla ábhartha.

**Gabhálacha iomlána incheadaithe a chlaonann níos mó ná 20 % ó leibhéal na ngabhálacha iomlána incheadaithe a bunaíodh roimhe sin**

Nuair a glacadh Plean Ilbhliantúil Uiscí an Iarthair agus na Mara Thuaidh, thug an Coimisiún ráiteas, i gcás ina molfaidh sé gabhálacha iomlána incheadaithe a shocrú a chlaonfaidh níos mó ná 20 % ó leibhéal na ngabhálacha iomlána incheadaithe a bhí ar bun roimhe sin, go liostófar na cásanna sin i meabhrán míniúcháin an togra ón gCoimisiún, agus, más iomchuí, tabharfar na bunchúiseanna leis na héagsúlachtaí idir na gabhálacha iomlána incheadaithe. I

gcomhthéacs na stoc a chomhroinntear leis an Ríocht Aontaithe, tugann an Coimisiún na mínithe sin ar na príomhathruithe ar na gabhálacha iomlána incheadaithe a áirítear sa togra seo.

| Cód na ngabhálach a iomlána incheadaith e | Ainm | Na gabhálach a iomlána incheadait he le haghaidh 2020 (t) | Na gabhálach a iomlána incheadait he le haghaidh 2021 (t)[14] | Athrú Céatadáin (slánaithe) | Réasúnú |
|---|---|---|---|---|---|
| ARU/1/2. | An tAirgintín Mór (1,2) | 90 | 59 | - 34 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| ARU/3A4-C | An tAirgintín Mór (An Mhuir Thuaidh) | 1,234 | 809 | - 34 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| BLI/03A- | An Langa Gorm (3a) | 5 | 4 | - 30 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, faoi réir ag teorainneacha le luaineacht idirbhliantúil agus i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| BLI/12INT- | An Langa Gorm (Idirnáisiúnta 12) | 137 | 96 | - 30 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, faoi réir ag teorainneacha le luaineacht idirbhliantúil agus i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| BSF/56712- | An Scabaird Dhubh (Iartharach) | 2,470 | 1,929 | - 22 % | Arna bhunú ar chomhairle eolaíoch, lena laghdaítear luaineacht idirbhliantúil, agus i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| HAD/7X7A 34 | An Chadóg (An Mhuir Cheilteach) | 10,859 | 15,000 | + 38 % | Arna bhunú faoin gcomhairle maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe ICES mar chuid de bhreithnithe a bhaineann le hiascach measctha na Mara Ceiltí, agus i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| NEP/*07U1 6 | An Cloicheán (Banc Porcupine) | 2,637 | 3,290 | + 24 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |

14 Mar a leagtar amach sa Taifead i Scríbhinn sula ndéantar asbhaintí gabhálacha iomlána incheadaithe mar thoradh ar dhíolúintí faoin Oibleagáid Gabhálacha a Thabhairt i dTír.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| NOP/2A3A4. | An Trosc Ioruach (An Mhuir Thuaidh) | 72,500 | 128,300 | + 77 % | Arna bhunú faoi $F_{MSY}$ i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe; údar maith le luaineacht láidir i gcomparáid leis an mbliain seo caite mar go bhfuil sé seo ina speiceas gearrshaolach |
| PLE/7DE. | An Leathóg (An Mhuir nIocht) | 9,154 | 11,920 | + 30 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| POK/56-14 | An Glasán (Iarthar na hAlban) | 8,280 | 6,175 | - 25 % | Tar éis cinneadh a glacadh i gcomhairliúcháin idir an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua |
| POL/07. | An Mangach (7) | 12,163 | 9,426 | - 23 % | Arna bhunú ar chomhairle eolaíoch, faoi réir ag teorainneacha le luaineacht idirbhliantúil agus i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| POL/56-14 | An Mangach (Iarthar na hAlban) | 238 | 184 | - 23 % | Arna bhunú ar chomhairle eolaíoch, faoi réir ag teorainneacha le luaineacht idirbhliantúil agus i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| PRA/2AC4-C | An Séacla Artach (An Mhuir Thuaidh) | 1,200 | 660 | - 45 % | Arna bhunú ar chomhairle eolaíoch, faoi réir ag teorainneacha le luaineacht idirbhliantúil agus i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| RJE/7FG. | An Roc Mionsúileach (7fg) | 192 | 123 | - 36 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| RNG/8X14- | An Gránádóir Cruinnsocach (8,9,10,12,14) | 2,281 | 1,545 | - 32 % | Arna bhunú ar chomhairle eolaíoch, agus i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| SAN/2A3A4. | An Chorr Ghainimh (An Mhuir Thuaidh, Gach Banc) | 228,837 | 92,500 | - 60 % | Arna bhunú faoi chomhairle maidir le $F_{MSY}$ i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe; údar maith le luaineacht láidir i gcomparáid leis an mbliain seo caite mar go bhfuil sé seo ina speiceas gearrshaolach |
| SOL/07A. | An Sól (Muir Éireann) | 457 | 768 | + 68 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, i gcomhaontú leis an |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Ríocht Aontaithe |
| SOL/07E. | An Sól (An Mhuir nIocht Thiar) | 1,478 | 1,925 | + 30 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| SOL/24-C. | An Sól (An Mhuir Thuaidh) | 17,535 | 21,361 | + 23 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe |
| LIN/1/2. | An Langa (1,2) | 117 | 43 | - 63 % | Tar éis comhairle eolaíoch a fháil arna cur ar fáil ag an Ríocht Aontaithe |

**Solúbthacht idirbhliantúil**

D'aontaigh an Coimisiún leis an Ríocht Aontaithe nach mbeadh feidhm ag an tsolúbthacht ó bhliain go bliain maidir leis na stoic seo a leanas: an Trosc, Iarthar na hAlban (COD/5BE6A); an Faoitín, Iarthar na hAlban (WHG/56-14); an Faoitín, an Mhuir Cheilteach (WHG/07A); agus an Leathóg (PLE/7HJK). D'aontaigh an Coimisiún leis an Iorua nach mbeadh feidhm ag an tsolúbthacht ó bhliain go bliain maidir leis na stoic seo a leanas: an Séacla Artach, Skagerrak (PRA/03A) agus an Trosc, Kattegat (COD/03AS).

**Díolúintí a aischur**

I gcás ina bhfuil difríochtaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir leis na díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, comhaontaíodh úsáid a bhaint as na díolúintí is infheidhme in uiscí an Pháirtí eile maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar sna huiscí sin.

**Malartuithe cuótaí**

Rinne an tAontas iarracht freisin malartuithe cuótaí leis an Ríocht Aontaithe a éascú, i bhfianaise sásra malartaithe cuótaí a bheith á bhunú ag an gCoiste Speisialaithe um Iascach a beartaíodh faoi Airteagal 498(8) TCA, chun rannchuidiú le gníomhaíochtaí iascaireachta a chobhsú agus malartuithe a éascú sula mbunófaí sásra den sórt sin go foirmiúil. Is iomchuí an nós imeachta a bhunú chun malartuithe den sórt sin a dhéanamh.

**An doingean mara**

Ní mór na leasuithe seo a leanas a thabhairt isteach i ndáil leis an doingean mara: 1) an tsolúbthacht tráchtála maidir le trál/saighne, laghdófar í ó uasteorainn 520 kg le haghaidh dhá mhí go huasteorainn 380 kg in aghaidh na míosa laistigh den 5 % in aghaidh an turais a theorannaítear maidir leis an doingean mara; 2) foghabhálacha doingean mara i líontáin tráchtála cois cladaigh, baintear iad ó raon feidhme an toirmisc ghinearálta ar iascaireacht ar an doingean mara. Níl feidhm ag an díolúine sin ach amháin maidir le líon stairiúil na líonta trá a rialaítear go háitiúil a socraíodh ar na leibhéil a bhí ann roimh 2017. 3) níor cheart go ndíreofaí ar an doingean mara le gníomhaíochtaí tráchtála gabhála cois cladaigh ná níor cheart cead a bheith acu ach foghabhálacha dosheachanta a thabhairt i dtír.

**An toradh ar na comhairliúcháin idir an tAontas agus Oileáin Fháro**

In 2021, bhí comhairliúchán bliantúil idir an tAontas agus Oileáin Fharó maidir le malartuithe i gcás gabhálacha iomlána incheadaithe áirithe agus rochtain ar uiscí gach Páirtí. Ní raibh

comhaontú idir an tAontas agus Oileáin Fharó mar thoradh ar na comhairliúcháin. Coinníodh cúlchiste le haghaidh gabhálacha iomlána incheadaithe áirithe ar thaobh an Aontais chun foráil a dhéanamh maidir leis na malartuithe sin. Mar thoradh air sin, ní mór na táblaí ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta agus ceadúnais soithí a leasú dá réir.

**Comhaontú Pháras 1920**

A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta timpeall ar limistéar Svalbard, deonaítear faoi Chonradh an 9 Feabhra 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) ('Conradh Pháras 1920') rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní do gach Páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear i ndáil le hiascaireacht. Leagadh amach dearcadh an Aontais maidir leis an rochtain sin go mion minic, an uair is déanaí i *note verbale* Uimh. 02/21 chuig an Iorua dar dáta an 26 Feabhra 2021. Chun a áirithiú go bhfuil saothrú acmhainní laistigh de limistéar Svalbard i gcomhchuibheas le cibé rialacha bainistíochta neamh-idirdhealaitheacha a d'fhéadfadh an Iorua a leagan amach, a bhfuil ceannasacht agus dlínse aici sa limistéar laistigh de theorainneacha an Chonartha sin, shocraigh an Chomhairle, le haghaidh folimistéar 1 agus roinn 2b de ICES, an líon soithí dá n-údaraítear iascach a dhéanamh ar an bportán sneachta agus na cuótaí le haghaidh trosc. Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta sin i measc na mBallstát teoranta do 2021. I *note verbale* Uimh. 02/21 chuig an Iorua dar dáta an 26 Feabhra 2021, choimeád an tAontas na cearta atá aige na frithbhearta leasúcháin uile is iomchuí a dhéanamh chun leasanna dlisteanacha an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a chosaint faoi Chonradh Pháras 1920. Is iomchuí a mheabhrú freisin gur ar na Ballstáit bhrataí atá an phríomhfhreagracht, san Aontas, comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú.

**An t-ainseabhaí i bhfolimistéir 9 agus 10**

Maidir leis an ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 de ICES agus in uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF, is speiceas gearrshaolach é agus i mí na Bealtaine cuirtear críoch ar na suirbhéanna a dhéantar air. Socraítear tréimhse na ngabhálacha iomlána incheadaithe ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh an bhliain dár gcionn. Áirítear leis sin go bhfuil na deiseanna iascaireachta bunaithe ar an measúnú is fearr is féidir a dhéanamh maidir le hearcaíocht bhliantúil an speicis ghearrshaolaigh sin.

I Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle, mar a glacadh ar dtús é, socraíodh ag nialas an ghabháil iomlán incheadaithe maidir le hainseabhaithe is infheidhme ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022 i bhfolimistéir 9 agus 10 de ICES agus in uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF, go dtí go n-eiseofar an chomhairle eolaíoch nua. Sa tríú leasú ar dheiseanna iascaireachta le haghaidh 2021, bunaíodh gabháil iomlán incheadaithe shealadach go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 chun go mbeadh an t-iascach in ann leanúint ar aghaidh. Cuireadh an chomhairle eolaíoch ar fáil an 18 Meitheamh 2021. Ba cheart an ghabháil iomlán incheadaithe le haghaidh na tréimhse dar tús an 1 Iúil 2021 a leasú, dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí ó ICES.

2021/0177 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/1919, (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1919 ón gComhairle[15] déantar na deiseanna iascaireachta a chionroinnt faoin bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine[16]. Leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal go ceann tréimhse bliana ar a mhéad[17], arna shíniú le Cinneadh (AE) 2019/1918[18] ón gComhairle lenar údaraíodh a chur i bhfeidhm sealadach, cuireadh síneadh leis an bPrótacal go dtí an 15 Samhain 2020.

(2) An 23 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1704[19] maidir leis an dara síneadh, go ceann bliana ar a mhéad, leis an bPrótacal.

---

[15] Rialachán (AE) 2019/1919 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir leis na deiseanna iascaireachta a chionroinnt faoin bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine (IO L 297 I, 18.11.2019, lch. 5).

[16] Prótacal lena leagtar síos na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine ar feadh tréimhse 4 bliana (IO L 315, 1.12.2015, lch. 3).

[17] Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2019 (IO L 297 I, 18.11.2019, lch. 3).

[18] Cinneadh (AE) 2019/1918 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2019 (IO L 297 I, 18.11.2019, lch. 1).

[19] Cinneadh (AE) 2020/1704 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú

(3) Le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/1919 ón gComhairle, déantar deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i gcatagóir 6 – Róthrálaeir pheiligeacha.

(4) De bhun an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, ní Ballstát den Aontas í an Ríocht Aontaithe a thuilleadh ó bhí an 1 Feabhra 2020 ann agus tháinig deireadh leis an idirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú sin an 31 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, ba cheart na deiseanna iascaireachta a chionroinntear ar an Ríocht Aontaithe a ath-chionroinnt ar na Ballstáit amhail ón 1 Eanáir 2021 agus níor cheart ceadúnas ráithiúil a bheith ag an Ríocht Aontaithe a thuilleadh ón 1 Eanáir 2021.

(5) Ba cheart an ath-chionroinnt sin a bheith trédhearcach agus comhréireach le cionroinnt bhunaidh na gcuótaí.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1919 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(7) Le Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle[20], bunaítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe. Le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle[21], maidir le stoic áirithe éisc agus grúpaí stoc éisc, bunaítear, le haghaidh 2021, na deiseanna iascaireachta is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Maidir le stoic a roinntear leis an Ríocht Aontaithe, leagtar síos leis na Rialacháin sin na gabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha is infheidhme go dtí an 31 Iúil 2021 le haghaidh soithí a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais, in uiscí idirnáisiúnta agus in uiscí tríú tír.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Ríocht Aontaithe (TCA)[22], chuaigh an tAontas i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe agus bhunaigh sé leibhéal na ndeiseanna iascaireachta maidir leis na stoic a liostaítear in Iarscríbhinn 35, agus i dtáblaí A agus B d'Iarscríbhinn 36 a ghabhann le TCA, agus na coinníollacha gaolmhara le haghaidh na bliana 2021, agus le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022 i gcás gabhálacha iomlána incheadaithe áirithe domhainfharraige. Rinneadh na comhairliúcháin sin idir an 20 Eanáir 2021 agus an 2 Meitheamh 2021, ar bhonn an Chinnidh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, an 5 Márta 2021[23].

Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2020 (IO L 383, 16.11.2020, lch. 1).

[20] Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe (IO L 31, 29.1.2021, lgh. 20–30).

[21] Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

[22] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

[23] Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe chun deiseanna iascaireachta a chomhaontú maidir le stoic

Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú i dTaifead i Scríbhinn, arna shíniú ag Ceann Toscaireachta an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe araon agus d'fhormhuinigh an Chomhairle é an 11 Meitheamh 2021. Is gá, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe, mar aon leis na bearta nua gaolmhara, a chur in ionad na ngabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 ón gComhairle.

(9) Le tabhairt i gcrích na gcomhairliúchán sin, tugtar isteach deiseanna iascaireachta a comhaontaíodh agus a áirithíodh i gcomhair an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2021 (agus le haghaidh 2022 maidir le stoic dhomhainfharraige áirithe), faoi na forálacha maidir le rochtain chomhionann ar uiscí a chéile faoi TCA. In éagmais comhaontú den sórt sin maidir le deiseanna iascaireachta, dhéanfadh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gabhálacha iomlána incheadaithe a shocrú go haontaobhach, rud a chuirfeadh bainistíocht inbhuanaithe na stoc comhroinnte sin i mbaol. Chuirfeadh sé cothrom iomaíochta d'oibreoirí an Aontais i mbaol freisin.

(10) Is gá anois torthaí na gcomhairliúchán idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a chur chun feidhme i ndlíchóras an Aontais trí na deiseanna iascaireachta lena n-urramaítear leibhéil na ngabhálacha iomlána incheadaithe a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe a chur in ionad na ngabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 ón gComhairle.

(11) Faoi TCA, tá sé mar chomhchuspóir ag an Aontas agus an Ríocht Aontaithe stoic chomhroinnte a shaothrú ag rátaí lena bhfuil sé beartaithe pobail na speiceas a shaothraítear a chothabháil agus a athbhunú de réir a chéile os cionn na leibhéal bithmhaise lenar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) a bhaint amach. I gcomhréir le Rialachán CBI[24] agus le Pleananna Ilbhliantúla Uiscí an Iarthair[25] agus na Mara Thuaidh[26], bhí an spriocbhásmhaireacht iascaireachta le baint amach a luaithe is féidir i gcomhréir le raonta na huastáirgeachta inbhuanaithe ($F_{MSY}$) a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán CBI, agus ar bhonn forchéimnitheach incriminteach faoi 2020 maidir leis na stoic a liostaítear in Airteagal 1(1) den Rialachán sin, agus tá sí le coinneáil ar bun ina dhiaidh sin laistigh de raonta $F_{MSY}$, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán sin.

(12) Is ann do stoic áirithe dár eisigh ICES, agus measúnú á dhéanamh aige orthu in aghaidh na huastáirgeachta inbhuanaithe, comhairle eolaíoch gan iad a ghabháil in aon

---

chomhroinnte le haghaidh 2021 agus maidir le stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh 2021 agus 2022, an 5 Márta 2021, Uimh. 6414/21.

24 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

25 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

26 Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

chor. Dá mbunófaí gabhálacha iomlána incheadaithe le haghaidh na stoc sin ar an leibhéal a léirítear sa chomhairle eolaíoch sin, thiocfadh feiniméan an 'tachtspeicis' chun cinn de thoradh na hoibleagáide gach gabháil in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe araon, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin, a thabhairt i dtír. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá leanúint leis an iascach measctha sin i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann agus an gá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc an tráth céanna in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur iomchuí le haghaidh na stoc sin gabhálacha iomlána incheadaithe sonracha a bhunú maidir le foghabhálacha. Ba cheart leibhéal na ngabhálacha iomlána incheadaithe sin a shocrú sa chaoi go laghdófar ráta básmhaireachta na stoc sin agus go mbeidh sin ina dhreasacht chun an roghnaíocht agus an tseachaint a fheabhsú. Ba cheart leibhéil na ndeiseanna iascaireachta maidir leis na stoic sin a bhunú i gcomhréir leis an Taifead i Scríbhinn chun cothrom iomaíochta a áirithiú d'oibreoirí an Aontais agus chun foráil a dhéanamh maidir le téarnamh suntasach bhithmhais na stoc sin an tráth céanna.

(13) Cé nár tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le bearta teicniúla ailínithe atá nasctha go feidhmiúil, chomhaontaigh siad araon go bhfuil gá leis na bearta sin, agus glacfaidh an Ríocht Aontaithe bearta den sórt sin chun rannchuidiú le téarnamh na stoc lena mbaineann. San éagmais comhaontaithe atá ann faoi láthair, is gá leanúint de chur i bhfeidhm na mbeart teicniúil atá ann cheana agus atá nasctha go feidhmiúil, bearta arna mbunú le hAirteagail 15 go 17 de Rialachán 2021/92 ón gComhairle lena gceadaítear gabhálacha iomlána incheadaithe spriocspeiceas a shocrú ar leibhéil atá beartaithe sa Rialachán seo gan staid na stoc foghabhála dosheachanta in uiscí an Aontais a chur i mbaol.

(14) Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc COD/5BE6A, WHG/56-14, WHG/07A agus PLE/7HJK faoi bhun na teorann bithmhaise agus nach gceadaítear ach iascach foghabhála agus eolaíoch orthu, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sa Taifead i Scríbhinn go bhfuil sé riachtanach gan Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a chur i bhfeidhm maidir leis na stoic sin i gcás aistrithe ó 2020 go 2021 ionas nach rachaidh gabhálacha in 2021 thar an ngabháil iomlán incheadaithe a bunaíodh le haghaidh na stoc sin.

(15) Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc COD/03AS agus PRA/03A faoi bhun na teorann bithmhaise, chomhaontaigh an tAontas agus an Iorua go bhfuil sé riachtanach gan Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a chur i bhfeidhm maidir leis na stoic sin i gcás aistrithe ó 2020 go 2021 ionas nach rachaidh gabhálacha in 2021 thar an ngabháil iomlán incheadaithe a bunaíodh le haghaidh na stoc sin.

(16) An doingean mara Eorpach sa Mhuir Cheilteach, i Muir nIocht, i Muir Éireann agus i ndeisceart na Mara Thuaidh (ranna 4b, 4c, 7a, agus 7d go 7h ICES), leanann sé de bheith faoi bhun Btrigger na huastáirgeachta inbhuanaithe agus tá sé díreach os cionn na teorann bithmhaise. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar bhásmhaireacht iascaireachta, is cúis imní fós iad tásca ICES ar an mbrú iascaireachta. Tá na bearta a comhaontaíodh chun coinníollacha agus deiseanna ailínithe a áirithiú le haghaidh na Ríochta Aontaithe agus chabhlaigh an Aontais ríthábhachtach don doingean mara mar stoc comhroinnte, go háirithe maidir le huasteorainn mhíosúil i gcás iascach tráchtála grinnill/saighne agus foghabhálacha i líonta tráchtála cois cladaigh, agus an teorainn le hiascach áineasa atá ann faoi láthair á coinneáil i bhfeidhm. Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tús áite a thabhairt freisin d'fheabhas a chur ar uirlis mheasúnaithe

ICES le haghaidh an doingin mara chun ríomhanna réamh-mheasta a cheadú ar bhonn shamhlacha na huastáirgeachta inbhuanaithe.

(17) Ar mhaithe le cosaint ar iascaireacht na speiceas lena mbaineann, sa Taifead i Scríbhinn chomhaontaigh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas ar liostaí na speiceas toirmiscthe. Beidh toirmeasc ar na speicis thoirmiscthe sin a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

(18) De bhun Airteagal 498 de TCA, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sásra a bhunú chun deiseanna iascaireachta a aistriú ar bhonn deonach bliantúil agus gur cheart don Choiste Speisialaithe um Iascach na mionsonraí a bhaineann leis an sásra sin a shainiú. Ionas go mbeidh na Ballstáit in ann deiseanna iascaireachta a aistriú nó a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe go dtí go nglacfaidh an Coiste Speisialaithe um Iascach na mionsonraí sin, is iomchuí an nós imeachta a bhunú chun malartuithe den sórt sin a dhéanamh.

(19) In 2021, reáchtáil an tAontas agus Oileáin Fharó comhairliúcháin bhliantúla maidir le malartuithe le haghaidh gabhálacha iomlána incheadaithe áirithe agus rochtain ar uiscí gach Páirtí. Ní raibh comhaontú idir an tAontas agus Oileáin Fharó mar thoradh ar na comhairliúcháin sin. Coinníodh cúlchiste le haghaidh gabhálacha iomlána incheadaithe áirithe ar thaobh an Aontais chun foráil a dhéanamh maidir leis na malartuithe sin. Mar thoradh air sin, ba cheart táblaí ábhartha na ndeiseanna iascaireachta agus ceadúnais soithí ábhartha a leasú dá réir.

(20) I Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle, mar a glacadh ar dtús é, tá an ghabháil iomlán incheadaithe ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF is infheidhme ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022 socraithe ag nialas, go dtí go n-eiseofar an chomhairle eolaíoch nua. Sa tríú leasú ar dheiseanna iascaireachta 2021, bunaíodh gabháil iomlán incheadaithe shealadach go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 chun go mbeadh an t-iascach in ann leanúint ar aghaidh. Eisíodh an chomhairle eolaíoch an 18 Meitheamh 2021. Ba cheart an ghabháil iomlán incheadaithe le haghaidh na tréimhse dar tús an 1 Iúil 2021 a leasú, dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí ó ICES.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a leasú dá réir.

(22) A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta timpeall ar limistéar Svalbard, deonaítear faoi Chonradh an 9 Feabhra 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) (‘Conradh Pháras 1920’) rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní do gach Páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear i ndáil le hiascaireacht. Leagadh amach tuairim an Aontais maidir leis an rochtain sin an iliomad uaireanta, an tráth is déanaí i *note verbale* Uimh. 02/21 chuig an Iorua dar dáta an 26 Feabhra 2021. Chun a áirithiú go bhfuil saothrú acmhainní laistigh de limistéar Svalbard i gcomhchuibheas le cibé rialacha bainistíochta neamh-idirdhealaitheacha a d’fhéadfadh an Iorua a leagan amach, a bhfuil ceannasacht agus dlínse aici sa limistéar laistigh de theorainneacha an Chonartha sin, shocraigh an Chomhairle, le haghaidh fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES, an líon soithí a údaraítear iascach a dhéanamh ar an bportán sneachta agus cuótaí le haghaidh trosc. Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta sin i measc na mBallstát teoranta do 2021. I *note verbale* Uimh. 02/21 chuig an Iorua dar dáta an 26 Feabhra 2021, choimeád an tAontas na cearta atá aige na frithbhearta leasúcháin uile is iomchuí a dhéanamh chun leasanna dlisteanacha an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a chosaint faoi Chonradh Pháras 1920. Is iomchuí a thabhairt chun cuimhne gur ar na Ballstáit bhrataí atá an phríomhfhreagracht, san Aontas, comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú.

(23) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2019/1919, (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 ón 1 Eanáir 2021. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na forálacha arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo ón dáta sin freisin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist nó nár ídíodh go fóill iad. Ar chúiseanna práinne, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(f) de Rialachán (AE) 2019/1919:

‘(f) catagóir 6 – Róthrálaeir pheiligeacha:

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | 13 038, 4 thona |
| An Fhrainc | 2 714, 6 thona |
| An Laitvia | 55 966, 6 thona |
| An Liotuáin | 59 837, 6 thona |
| An Ísiltír | 64 976, 1 thona |
| An Pholainn | 27 106, 6 thona |
| Éire | 8 860, 1 thona |

Le linn na tréimhse ina gcuirfear síneadh i bhfeidhm ar an bPrótacal, beidh an líon ceadúnas ráithiúil seo a leanas ag na Ballstáit:

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | 4 |
| An Fhrainc | 2 |
| An Laitvia | 20 |
| An Liotuáin | 22 |
| An Ísiltír | 16 |
| An Pholainn | 8 |
| Éire | 2 |

Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún más féidir ceadúnais áirithe a chur ar fáil do Bhallstáit eile.

Laistigh den chatagóir sin, féadfar suas le 19 soitheach a imscaradh in uiscí na Máratáine ag aon am amháin;’.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2021/91**

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/91 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 8;

(2) Leasaítear Cuid 2 den Iarscríbhinn i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*
**Leasú ar Rialachán (AE) 2021/92**

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 7;

(2) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear mír 1a isteach mar a leanas:

‘1a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 maidir le foghabhálacha doingean mara i ngníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh. Baineann an díolúine sin le líon stairiúil na líonta trá a socraíodh ar na leibhéil a bhí ann roimh 2017. Ní bheidh gníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh dírithe ar an doingean mara agus ní fhéadfar ach foghabhálacha dosheachanta doingean mara a thabhairt i dtír.’

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ag úsáid tráil ghrinnill (*), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 380 cileagram in aghaidh na míosa agus 5 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach sin in aghaidh an turais iascaireachta.’

______________________

(*) Gach cineál tráil grinnill (OTB, OTT, PTB, TBB, TBN, TBS agus TB).

(ii) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ag úsáid saighní (*), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 380 cileagram in aghaidh na míosa agus 5 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach sin in aghaidh an turais iascaireachta.’

(*) Gach cineál saighne (SSC, SDN, SPR, SV, SB agus SX).’

(3) cuirtear mír 1a isteach mar a leanas i ndiaidh mhír 1 d’Airteagal 13:

‘1a. De mhaolú ar mhír 1(d), ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ná ag Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic seo a leanas: an trosc, Kattegat (COD/03AS); an trosc, Iarthar na hAlban (COD/5BE6A); an faoitín, Iarthar na hAlban (WHG/56-14); an faoitín, an Mhuir Cheilteach (WHG/07A); an séacla Artach, Skagerrak (PRA/03A); agus an leathóg, an Mhuir Cheilteach (PLE/7HJK).’

(4) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas i ndiaidh Airteagal 53:

*‘Airteagal 53a*
*Aistrithe cuótaí nó malartuithe cuótaí leis an Ríocht Aontaithe*

1. Déanfar aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le míreanna 2 go 4.

2. Aon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cuótaí a aistriú nó a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe, féadfaidh sé achoimre ar an aistriú cuótaí nó ar an malartú cuótaí a phlé leis an Ríocht Aontaithe.

3. I gcás ina bhformhuiníonn an Coimisiún imlíne an aistrithe cuótaí nó an mhalartaithe cuótaí dá dtagraítear i mír 2 ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith, cuirfidh an Coimisiún in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheidh le ceangal leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí sin. Cuirfidh an Coimisiún an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit ar an eolas faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh.

4. Maidir leis an gcuóta a fhaightear ón Ríocht Aontaithe nó a aistrítear chuici faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh, measfar é a bheith ina chuóta arna chionroinnt ar chearta an Bhallstáit lena mbaineann nó arna asbhaint ó na cearta sin, ón nóiméad a ngabhann éifeacht leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí i gcomhréir le mír 3. Ní dhéanfar aon athrú leis na malartuithe sin ar an eochair chionranna reatha chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

(5) Leasaítear Iarscríbhinn IA i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(6) Leasaítear Iarscríbhinn IB i gcomhréir le Cuid C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(7) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le Cuid D den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4*
**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*